Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**13349/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0315 (NLE)**

**RESUA 22**
**FIN 1126**
**ECOFIN 1264**
**ELARG 104**
**COEST 715**
**DEVGEN 159**
**UA PLATFORM 11**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 624 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena mbunaítear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha i dtaca le híocaíocht an cheathrú agus an chúigiú tráthchuid den tacaíocht iasachta faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 624 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 624 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.9.2025
COM(2025) 624 final

2025/0315 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena mbunaítear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha i dtaca le híocaíocht an cheathrú agus an chúigiú tráthchuid den tacaíocht iasachta faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin**

2025/0315 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha i dtaca le híocaíocht an cheathrú agus an chúigiú tráthchuid den tacaíocht iasachta faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin[1], agus go háirithe Airteagal 26(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Colún I den tSaoráid don Úcráin ('an tSaoráid'), cuirtear tacaíocht airgeadais suas le EUR 38 270 000 000 ar fáil don Úcráin don tréimhse 2024- 2027 i bhfoirm tacaíocht neamh- inaisíoctha agus iasachta. Déantar maoiniú faoi Cholún I a leithdháileadh go príomha ar bhonn Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin ('an Plean'). Leagtar amach sa Phlean clár oibre athchóirithe agus infheistíochta na hÚcráine, agus na céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla atá nasctha le cistiú faoi Cholún I den tSaoráid.

(2) De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2024/792, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 [2] maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin an tráthchlár chun faireachán a dhéanamh ar an bPlean agus chun é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla atá nasctha le cistiú faoi Cholún I den tSaoráid.

(3) Is é EUR 32 270 000 000 suim iomlán na n- acmhainní airgeadais a chuirtear ar fáil le haghaidh an Phlean faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447, as a bhfuil EUR 5 270 000 000 i bhfoirm tacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha agus suas le EUR 27 000 000 000 i bhfoirm iasachta.

(4) I gcomhréir le hAirteagail 24 agus 25 de Rialachán (AE) 2024/792, eisíocadh EUR 6 000 000 000 leis an Úcráin mar mhaoiniú idirlinne eisceachtúil, agus

1 IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj.

2 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2024/1447, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1447/oj).

EUR 1 890 000 000 i bhfoirm réamh- mhaoinithe lena léirítear réamhíocaíocht 7 % den tacaíocht iasachta a bhfuil an Úcráin incháilithe lena fháil faoin bPlean.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2024/792, eisíocadh EUR 14 763 204 463 leis an Úcráin sna chéad cheithre thráthchuid faoin bPlean, ar eisíocadh EUR 3 400 000 000 de i bhfoirm tacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha agus EUR 11 363 204 463 i bhfoirm iasachta. I gcomhréir leis an gComhaontú Iasachta a tugadh i gcrích idir an tAontas agus an Úcráin de bhun Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/792, úsáideadh méid EUR 855 294 959 ó na chéad cheithre thráthchuid chun réamh- mhaoiniú na hiasachta a imréiteach.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2024/792, an 9 Meán Fómhair 2025, chuir an Úcráin iarraidh chuí- réasúnaithe isteach ar chuid den chúigiú tráthchuid den tacaíocht iasachta a íoc, is é sin EUR 1 949 400 399. Bhí sraith doiciméad ag gabháil leis an iarraidh lenar léiríodh comhlíonadh sásúil céim amháin sa cheathrú tráthchuid agus naoi gcéim sa chúigiú tráthchuid chomh maith le gach doiciméad eile a cheanglaítear faoi Airteagal 12 den Chreat-Chomhaontú, Airteagal 5 den Chomhaontú Maoiniúcháin agus Airteagal 6 den Chomhaontú Iasachta a tugadh i gcrích idir an tAontas agus an Úcráin de bhun Airteagail 9, 10 agus 22, faoi seach, de Rialachán (AE) 2024/792. Mar a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1799[3], rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar chomhlíonadh sásúil 13 cinn de na 16 chéim is gá le haghaidh an cheathrú tráthchuid. De bhun Airteagal 26(5) de Rialachán (AE) 2024/792, coinníodh siar an íocaíocht a chomhfhreagraíonn do na trí chéim a ndearnadh measúnú diúltach orthu. Ní fhéadfar an íocaíocht a coinníodh siar a eisíoc ach amháin nuair a bheidh bunús cuí tugtha ag an Úcráin, mar chuid d'iarraidh ar íocaíocht ina dhiaidh sin, go bhfuil na bearta is gá déanta aici chun a áirithiú go bhfuil na céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla curtha i gcrích go sásúil.

(7) Baineann na 10 gcéim a comhlíonadh go sásúil le hathchóirithe éagsúla a leagtar amach sa Phlean faoi na caibidlí maidir leis an gcóras breithiúnach, an comhrac in aghaidh an éillithe agus an sciúrtha airgid, margaí airgeadais, an caipiteal daonna, an timpeallacht gnó, an dílárú agus an beartas réigiúnach, an earnáil fuinnimh, bainistiú ábhar criticiúil agus amhábhar agus an t- aistriú glas agus cosaint an chomhshaoil. Tá reachtaíocht maidir leis an nGníomhaireacht um Aisghabháil agus Bainistiú Sócmhainní agus maidir leis an ngairmoideachas tagtha i bhfeidhm. Glacadh an straitéis chun iasachtaí neamhthuillmheacha a réiteach, an rún maidir le seirbhísí sóisialta a cheannach ar chostas bhuiséad an stáit agus an rún maidir le Straitéis FBM agus an Plean Gníomhaíochta maidir lena cur chun feidhme a fhormheas. Formhuiníodh agus foilsíodh an staidéar ar na bearta is gá chun pearsantacht dhlítheanach a dheonú do bhardais. Ghlac an Úcráin freisin an treochlár maidir leis an bpróiseas chun an formhuirear fuinnimh in-athnuaite a dheighilt ón taraif tharchuir. Foilsíodh píblíne de thionscadail infheistíochta maidir le hamhábhair chriticiúla a eastóscadh. Tá tairiscint idirnáisiúnta bunaithe ar an samhail-Chomhaontú maidir le Chomhroinnt Táirgí seolta agus foilsithe ag an Úcráin freisin. Cuireadh tús arís leis an gcóras éigeantach faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe le haghaidh saoráidí a chumhdaítear le raon feidhme na reachtaíochta atá ann cheana.

---

[3] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1799 ón gComhairle an 8 Lúnasa 2025 lena mbunaítear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha i dtaca le híocaíocht an cheathrú tráthchuid den tacaíocht iasachta faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin (IO L, 2025/1799, 9.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1799/oj).

(8) I gcomhréir le hAirteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2024/792, rinne an Coimisiún measúnú mionsonraithe ar iarraidh na hÚcráine agus rinne sé measúnú dearfach ar chomhlíonadh sásúil céim amháin is gá le haghaidh an cheathrú tráthchuid agus 9 gcinn de na 11 chéim is gá le haghaidh an chúigiú tráthchuid, mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Rinneadh an measúnú dearfach sin i gcomhthéacs chur chun feidhme an Phlean. Déanfar ailíniú breise le *acquis* an Aontais a éascú trí phróiseas aontachais an Aontais.

(9) Níor aisiompaigh an Úcráin aon cheann de na bearta a bhaineann leis na céimeanna a bhí comhlíonta go sásúil ag an Úcráin sular íocadh na tráthchodanna roimhe sin den Phlean.

(10) Mheas an Coimisiún freisin go leanann an Úcráin den réamhchoinníoll maidir le tacaíocht ón Aontas mar a leagtar amach in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2024/792 a chomhlíonadh. Go háirithe, leanann an Úcráin de shásraí éifeachtacha daonlathacha a choinneáil ar bun agus a urramú, lena n- áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí agus an smacht reachta, agus urraim a ráthú do chearta an duine, lena n- áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart a shuí leis an gCinneadh seo gur comhlíonadh go sásúil na coinníollacha ábhartha maidir le híocaíocht an cheathrú tráthchuid i ndáil le céim amháin agus an chúigiú tráthchuid i ndáil le 9 cinn de na 11 chéim faoin bPlean.

(12) I bhfianaise staid fhioscach dheacair na hÚcráine, tá sé ríthábhachtach na cistí a eisíoc a luaithe is féidir. I bhfianaise phráinn na staide agus d'fhonn dlús a chur leis an bpróiseas, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Bunaítear leis seo comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha ábhartha maidir le híocaíocht pháirteach an cheathrú agus an chúigiú tráthchuid de thacaíocht iasachta dar luach EUR 1 949 400 399 as a gcomhfhreagraíonn EUR 597 494 240 don cheathrú tráthchuid agus EUR 1 351 906 159 don chúigiú tráthchuid, i gcomhréir leis an measúnú, arna sholáthar ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/792, atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*